ACHOIMRE TAIGHDE

An *roinn* Oideachais

ISSN 1366-803X

RB 4/2000 Meán Fómhair 2000

TIONCHAIR CHÓRAS ROGHNACH AN MHEÁNOIDEACHAIS I DTUAISCEART ÉIREANN

Intreoir

1. Tá córas roghnach meánscoileanna agus scoileanna gramadaí i bhfeidhm ag Tuaisceart Éireann ó bhí 1947 ann. Idir 1976 agus 1979 rinne rialtas an Lucht Oibre iarracht imeacht ó na socruithe roghnacha, ach cuireadh stop leis sin ag an rialtas Coimeádach a toghadh in 1979. I ndiaidh do rialtas an Lucht Oibre bheith tofa in 1997, ba é an toradh a bhí ar an phlé faoin ábhar seo, gur shocraigh an tAire ag an am, Tony Worthington, gur chóir go mbeadh moltaí ar bith d'athrú bunaithe ar phlé agus ar dhíospóireacht eolasach. Lena aghaidh seo, coimisiúnaíodh dhá thionscadal taighde. Bhain an chéad cheann le luacháil an chórais roghnaigh mhoillithe i gceantar Craigavon agus foilsíodh é ag an Roinn Oideachais in 1998. Sa dara ceann, atá athchoimrithe sa Bhileog Threorach seo, tá scrúdú ar thionchair chóras roghnach na meánscoileanna agus na scoileanna gramadaí.

Modheolaíocht

2. Eagraíodh an taighde thart ar dhá phríomhghné. Is éard a bhí sa chéad ghné machnamh ar athrú sistéamach i scoileanna i dTuaisceart Éireann le deich mbliana anuas, mar thoradh ar an chóras roghnach agus ar thabhairt isteach rollaithe oscailte mar a leagadh síos san Ordú Athleasú Oideachais, 1989. Is éard a bhí sa dara gné ná mionmhachnamh ar thionchar roghnaithe thar roinnt fearann áirithe, san áireamh bhí:iar-bhunscoileanna; spreagadh agus dearcadh daltaí; múinteoirí; bunscoileanna; oiliúint agus ullmhúchán Teiste; agus, dearcadh agus aireachtáil an phobail faoin oideachas.

© Crown Copyright 2000

INVESTOR IN PEOPLE

3. I measc na sonraí a bailíodh agus a iniúchadh bhí:

- agallaimh le múinteoirí agus daltaí i meánscoileanna agus scoileanna gramadaí a roghnaíodh ó gach cearn de Thuaisceart Éireann;

- scrúdú an idirchaidrimh idir meánscoileanna agus scoileanna gramadaí taobh istigh de limistéar amháin i dTuaisceart Éireann, agus comparáid le scoileanna i gceantar cosúil leis in Albain;

- agallaimh, tuairimí agus sonraí ó dhaltaí ar mhúineadh agus ar fhoghlaim i mbunscoileanna;

- ceistneoirí tríd an phost do shampla tuismitheoirí roghnaithe ó gach cearn de Thuaisceart Éireann;

- agallaimh ghrúpaí fócais le grúpaí tuismitheoirí, daoine óga, fostóirí, agus soláthróirí oiliúna agus oideachais tríú leibhéal;

- anailís sonraí staitisticiúla atá ag An Roinn Oideachais, An Roinn Oideachais agus Fostaíochta, Londain, agus Roinn Oideachais Choiste Feidhmiúcháin na hAlban; agus

- athbhreithnithe taighde agus polasaí ar eagraíocht scoileanna i dtíortha eile na hEorpa agus tíortha OECD.

Tá cur síos déanta ar phríomhthorthaí an taighde thíos.

Tionchar ar bhunscoileanna

4. Tá ullmhúchán don Teist Aistrithe mar chúliarmhairt ar churaclam Eochairchéim 2. Mar thoradh air seo tá caolú ar an churaclam de dheasca go bhfuil aird dírithe ar ullmhúchán don Teist agus ar eolas curtha de ghlanmheabhair. Dá bhrí sin, níl daltaí ag fáil taithí fhairsing agus chothrom a bhí mar chuspóir ag an churaclam reachtúil. Ar a bharr sin, spreagann ullmhúchán don scrúdú múinteoirí stíl teagaisc agus foghlama a roghnú nach dtéann chun sochair na ndaltaí uile.

5. Ullmhaíonn na bunscoileanna uile a bheag nó a mhór na daltaí do na Teisteanna Aistrithe agus tosaíonn an mhórchuid acu i mBliain 6. Is forleathan oiliúint lasmuigh den scoil agus íocann tuismitheoirí a bhfuil an acmhainn acu suas le £15 san uair don tacaíocht seo. Is é an phríomhchúis atá leis sin faill níos fearr a thabhairt don pháiste s'acu grád níos airde a bhaint amach. Cé go gcreideann príomhoidí go bhfuil fiúntas ann do na páistí san ullmhúchán laistigh den scoil, creideann siad nach bhfuil buntaistí oideachasúla ag dul le hoiliúint lasmuigh den scoil.

6. Le blianta beaga anuas diúltaíonn tuismitheoirí trian de na daltaí a chur isteach do na Teisteanna. Is é an príomhfháth go gcreideann siad nach mbainfidh a bpáistí an grád cuí amach a

thabharfadh áit dóibh i scoil ghramadaí. Is iomaí tuismitheoir a deir gur shocraigh siad gan na páistí a chur isteach mar gheall ar chomhairle óna múinteoirí. Tá mionlach suntasach bunscoileanna ann áfach agus is beag páistí a dhiúltaíonn na Teisteanna Aistrithe a dhéanamh, agus go fóill faigheann céadatán ard páistí grád D.

Tionchar ar iar-bhunscoileanna

7. An rud is tábhachtaí d'iontráil i scoil ghramadaí grád ard sa Teist Aistrithe a bhaint amach. As siocair nasc idir torthaí sa Teist Aistrithe agus cúlra sóisialta baineann líon iontrála na scoileanna gramadaí níos mó le daltaí ó chúlra neamhláimhe, agus líon iontrála na meánscoileanna le cúlra láimhe don chuid is mó.

8. Ó 1990 tháinig méadú ar líon na ndaltaí a théann isteach chuig scoileanna gramadaí. Tionchar rollaithe oscailte mar aon le treochtaí déimeagrafachta agus oscailt dhá scoil ghramadúla Chaitliceacha sna 1990í a ba chúis leis sin. Deir na meánscoileanna a bhfuil ráchairt go fóill thar an líon acu go bhfuil proifíl ábaltachta a líon iontrála athraithe. Deir múinteoirí meánscoile gur chruthaigh rollú oscailte eagobhasaíocht i méid agus i gcáilíocht a líon iontrála agus a chur leis an dúshlán rompu.

9. Deir múinteoirí i meánscoileanna go dtagann cuid mhór daltaí isteach ag mothú go bhfuil teipthe orthu. Dá bhithín sin bíonn sé mar thosaíocht ard ag na scoileanna timpeallacht thacúil a sholáthar agus obair a dhéanamh a chuirfeadh le féinmheas agus féinmhuinín a ndaltaí. Os a choinne sin, deir múinteoirí gramadaí go dtagann a ndaltaí isteach le mothú ratha agus is féidir an chuid is mó de na daltaí a spreagadh le hobair i dtreo na n-ardchaighdeán acadúil a mbíonn siad ag dúil leo ina scoileanna.

10. Tugtar le fios ó agallaimh le múinteoirí iar-bhunscoile go bhfuil leanúnachas teoranta curaclaim idir Eochairchéim 2 agus Eochairchéim 3. Cuireadh seo i leith thionchar ullmhúchán na Teiste Aistrithe ar Eochairchéim 2.

11. D'ainneoin mhéadú líon na ndaltaí ag dul chuig scoileanna gramadaí, tá fianaise theoranta ann gur athraigh na scoileanna a gcuraclam nó a ethos leis an athrú sin a chur san áireamh. Is mó an fhianaise de nuáil agus d'athrú i meánscoileanna. Go háirithe i mionlach meánscoileanna a d'fhorbair tionscnaimh iomlán scoile dírithe ar chur le caighdeáin acadúla.

12. I scoileanna gramadaí, tá dlúthcheangal idir feidhmiú an dalta ag 16 bliana d'aois agus cáilíocht líon iontrála na scoileanna. I meánscoileanna is deise an ceangal idir feidhmiú ag 16 bliana agus míbhuntaiste sóisialta, cé nach seo an míniú iomlán air. Éiríonn níos fearr le cailíní ná le gasúir i ngach cineál scoile.

13. San iomlán, taispeánann scoileanna gramadaí leibhéil arda ar leith de ghnóthachtáil acadúil. An t-atoradh atá air sin go bhfuil eireaball fada meánscoileanna le gnóthachtáil íseal ann. Is féidir gur toradh dosheachanta é ar chóras roghnach.

14. I gcórais neamhroghnacha is airde meántinreamh scoileanna ná mar atá amhlaidh i dTuaisceart Éireann. Léiríonn anailís ar an líon tinrimh i gcomparáid le háiteanna scoile atá ar fáil go dtiocfadh méid meánscoileanna agus scoileanna gramadaí, 238 faoi láthair, a laghdú go 178 i gcóras neamhroghnach. Thiocfadh an uimhir a laghdú arís eile le forbairt oideachais imeasctha agus/nó scoileanna comhoideachais.

Tionchar ar mhúinteoirí

15. Deir bunmhúinteoirí go bhfuil na blianta deiridh sa bhunscoile eagraithe thart ar bhrú na dTeisteanna Aistrithe a shíolraigh ar bhealach ó bhrú ó thuismitheoirí faoi choinne torthaí maithe. Is minic a bhíonn daltaí rangaithe de réir mar shíltear a d'eireodh leo sa Teist. Is minic a bhíonn ionchais ísle nó mheasartha ag múinteoirí do dhaltaí nár cuireadh isteach do na Teisteanna agus dearcadh ann gur lú is seasta an aire a thugtar dá riachtanais oideachais.

16. Deir múinteoirí gur tháinig siad faoi bhrú ollmhór ón iliomad leasuithe oideachais agus ó na tionscnaimh le deich mbliana anuas. Deir múinteoirí meánscoile go raibh an stadás íseal a tugadh do na scoileanna s'acu, eagobhsaíocht ina líon iontrála agus riachtanais leathana a ndaltaí ag cur leis seo. Ar a bharr sin, mothaíonn múinteoirí meánscoile, d'ainneoin éagsúlacht a gcuid daltaí, go ndéantar breithiúnas ar na scoileanna don chuid is mó de réir a ngnóthachtála acadúla. Deir múinteoirí gramadaí i gcodarsnacht leis sin go ndíríonn siad a bpríomhaird ar chaighdeáin arda acadúla a bhaint amach. Cé go raibh trua ag cuid acu don obair a bhí roimh mhúinteoirí meánscoile agus imní faoi éagóir na dTeisteanna Aistrithe, bhí cuid eile ní ba bhuartha faoin obair agus an mbeadh siad ábalta aici dá mbeadh bogadh i dtreo socruithe neamhroghnacha.

Tionchar ar dhaltaí

17. An toisc is tábhachtaí do dhalta le marc ard GCSE a bhaint amach is ea áit a fháil i scoil ghramadaí. Agus gach ní eile mar a chéile, cuirfidh áit i scoil ghramadaí 16 pointe GCSE, cothrom le trí GCSE ar ghrád C, le gnóthachtáil an dalta ag 16 bliana.

18. I ndiaidh GCSEanna a dhéanamh, is mó is cosúil go rachaidh daltaí gramadaí ar ais ar scoil le hArd-leibhéil a dhéanamh agus obair i dtreo ardoideachais. Leanann daltaí meánscoile réimsí bealaí éagsúla, an ceann is coitianta is ea le dul le breis-oideachas.

19. Is beag an difear idir dearcadh ar an scoil ó dhaltaí scoileanna gramadaí agus ó dhaltaí meánscoileanna. Chomh maith, is beag an difear idir daltaí i dTuaisceart Éireann agus daltaí in Albain ar na ceisteanna dearcaidh seo. San iomlán amharcann daltaí ar a scoil féin i dtéarmaí dearfacha agus díríonn siad uirthi féin seachas í a chur i gcomparáid le scoileanna eile.

20. Léirigh agallaimh le daltaí bhliain 8 agus bhliain 12 gurbh eol dóibh difríochtaí idir cineálacha scoileanna. Is minic a léiríonn na difríochtaí tuiscint don mheas poiblí agus don stadás is airde a thugann daoine do na scoileanna gramadaí. Is minic a chailleann daltaí teagmháil le cairde bunscoileanna a ghlacann bealach eile trí iar-bhunoideachas. I meánscoileanna amháin,

áfach, a raibh mothú ar bith doichill orthu gur shíl iar-chairde ar scoileanna gramadaí anois go raibh siad ar dhóigh nó ar dhóigh eile níos fearr ná iad.

Sochaí

21. Baineann barúlacha daoine ar roghnú agus ar an chóras oideachais go ginearálta is cosúil lena dtaithí féin. Na daoine ar éirigh leo sa Teist Aistrithe nó a chuaigh chuig scoileanna gramadaí is nós leo barúlacha níos dearfaí bheith acu ar an chóras anois ná iad ar theip orthu sna Teisteanna nó a chuaigh chuig meánscoileanna. Dá ainneoin sin, is dearfach na cuimhní cinn atá ag daoine dá n-iar-bhunscoil.

22. Tá ardmheas fud fad na sochaí ar na caighdeáin arda acadúla atá bainte amach ag scoileanna gramadaí. Is iomaí duine a bhíonn buartha faoi leatrom féideartha an chórais ina iomlán agus go háirithe faoi leibhéal ísealghnóthachtála atá ann. Tá fostóirí agus eile go diongbháilte den bharúil nach gcuireann stadás na Teiste Aistrithe an duine isteach ar a gcuid barúlacha díobh. Deir siad gur mó a spéis i gcáilíochtaí agus i mbuanna a tháinig ina dhiaidh sin.

Eiseamláirí d'eagraíocht scoileanna

23. Is cosúil go bhfuil cúig phríomheiseamláir d'eagraíocht scoileanna san am atá le teacht i dTuaisceart Éireann. An chéad cheann is ea córas roghnaithe mhoillithe mar atá i gceantar Craigavon i dTuaisceart Éireann. An dara heiseamláir is ea córas de scoileanna iomlána cuimsitheacha a bhunú mar atá in Albain. An tríú heiseamláir, úsáid a bhaint as bunscoileanna agus meánscoileanna sóisearacha coitianta, agus meánscoileanna sinsearacha difrealaithe mar atá faoi láthair i dtíortha áirithe san Eoraip, ina measc siúd tá an Fhrainc agus an Ghearmáin. Córas d'iar-bhunscoileanna difrealaithe, an ceathrú heiseamláir le sainbhealaí acadúla agus gairme/teicniúla. An cúigiú heiseamláir an status quo, is é sin roghnú ag aois 11 bliain agus córas scoileanna gramadaí agus meánscoileanna.

24. An toradh a bhí ar an taighde a rinneadh ar chóras Craigavon don Roinn Oideachais go raibh dúil ag an phobal sa chóras sa cheantar ina raibh sé toisc b'fhéidir líon ard na ndaltaí a bhain áiteanna amach i scoileanna gramadaí. Ní raibh laincisí na dTeisteanna Aistrithe curtha ar bhunscoileanna sa chóras. Deir an fhianaise, áfach, nach raibh freastal maith déanta ag an chóras ar na páistí nár roghnaíodh ag aois 14 bliana.

25. An príomhbhua atá ag na córais iomlána chuimsitheacha nó córais ina mbíonn meánscoileanna sóisearacha, go bhfuil solúbthacht ann agus iad ag freastal ar dhaltaí agus bíonn deiseanna agus roghnuithe acu le tréimhse níos faide i ngairm oideachais an dalta. Bua eile is ea go bhfuil, sna scoileanna, baill éagsúla daltaí as a mbainfí buntaistí áirithe sóisialta. An phríomhlaigeacht leis na córais ná go dteorannaíonn siad gnóthachtála na ndaltaí is airde leibhéil ábaltachta, má chleachtann siad sruthú righin i measc daltaí ar bhonn ábaltachta acadúla laghdaítear buntaistí feideartha sóisialta leis a bhainfí as an éagsúlacht; agus, má tá an tinreamh bunaithe ar cheantair léireoidh an bhallraíocht shóisialta stadás sóisialta na gceantar cónaithe.

26. Baineann tíortha áirithe mar shampla an Ghearmáin, an Ostair, An Ísiltír úsáid as córais le cineálacha éagsúla iar-bhunscoileanna. Tá méid áirithe éagsúlachta ann nach bhfuil i dTuaisceart Éireann. Is é an príomhbhua atá acu go gcuireann siad bealaí éagsúla teicniúla/gairme ar fáil do dhaltaí. Cuireann na sainbhealaí curaclaim cáilíochtaí agus cinn scríbe iar-scoile éagsúla ar fáil agus is cosúil go gcuireann sé le hoiriúnacht fostaíochta na ndaltaí. Ar a bharr sin, tá céim níos airde solúbthachta agus gluaiseacht dhaltaí idir na cineálacha éagsúla scoileanna ná mar a chleachtar i dTuaisceart Éireann. Is mór an ról atá ag rogha na dtuismitheoirí i leithdháileadh áiteanna iar-bhunscoileanna, ag tabhairt le fios mar sin go bhfuil stadás níos cothroime ag na bealaí éagsúla ná mar atá amhlaidh i dTuaisceart Éireann. Tá difríochtaí suntasacha sóisialta, áfach, idir daltaí ag dul a mbealaí éagsúla, agus tá leibhéil éagsúla stadáis tugtha do chineálacha éagsúla scoileanna.

Conclúidí

27. Tá tagairt déanta thuas do chuid de bhuanna agus dhíomuanna chóras roghnach na meánscoileanna agus na scoileanna gramadaí. Is dócha gurb é an bua is suntasaí ná na caighdeáin arda a bhaineann an iliomad scoileanna gramadaí amach. Creideann mionlach múinteoirí iar-bhunscoileanna gur chuir teagasc na heolaíochta in Eochairchéim 2 agus é san áireamh sna Teisteanna Aistrithe le teagasc an ábhair. Ar a bharr sin fáiltíonn mionlach múinteoirí bunscoile roimh an dúshlán a théann le hullmhúcháin do na Teisteanna Aistrithe.

28. An chúliarmhairt ar an churaclam bunscoile laigeacht amháin atá sa chóras faoi láthair. An tábhacht a shiúlann le 'pas' a fháil sa Teist is cúis le tuismitheoirí bheith á mothú féin faoi dhualgas íoc as oiliúint lasmuigh den scoil, ach níl gach tuismitheoir in ann íoc as seo. Tá laigeachtaí sna naisc idir Eochairchéim 2 agus Eochairchéim 3. Bíonn cuid mhór ag clamhsán nach bhfuil na Teisteanna Aistrithe cothrom agus go gcuireann siad brú míchuí ar pháistí óga, rud a bhfuil múinteoirí, fostóirí agus an tsochaí go ginearálta buartha faoi chomh maith. Tugtar níos lú measa do mheánscoileanna ná mar a thugtar do scoileanna gramadaí de réir an mhórchuid de dhaoine. Is eol do mhúinteoirí i meánscoileanna go bhfuil an difear seo sa stadás agus creideann mórán go bhfuil an breithiúnas míchothrom agus mí-oiriúnach. Ar a bharr sin, is cosúil go mbíonn eireaball níos faide ann de scoileanna ísealghnóthachtála ag an chóras roghnach.

29. Cuireann múinteoirí i scoileanna gramadaí síos ar a ról go príomha mar bhaint amach ardchaighdeán acadúil. Os a choinne sin, bíonn ar mhúinteoirí i meánscoileanna réimse leathan spriocanna a bhaint amach san am chéanna, ach creideann siad go mbíonn breithiúnas orthu ón tsochaí bunaithe ar chritéir acadúla a chuireann cuma níos dearfaí ar scoileanna gramadaí. Toradh amháin air sin is ea go bpléann múinteoirí i meánscoileanna agus i scoileanna gramadaí tosaíochtaí teagaisc agus foghlama ar dhóigheanna éagsúla. Toradh eile go gcuireann roinnt meánscoileanna béim mhíchuí ar spriocanna acadúla as siocair go bhfeictear go bhfuil siad i gcomórtas le scoileanna gramadaí. Cuireann sé le fadhb stadáis choibhneasta na meánscoileanna sa phobal. Mar sin féin, do dhalta aonárach, is tábhachtach an rud é áit i scoil ghramadaí a fháil i dtéarmaí acadúla agus bíonn gnóthachtáin thomhaiste i gcáilíochtaí mar thoradh air.

30. Tá aistriú de réir a chéile i dtreo córais níos cuimsithí fud fad an OECD. San aimsir atá caite spreag an gá a síleadh a bhí ann an t-aistriú sin mar dhóigh le cáilíocht an oideachais a fhorbairt. Le fírinne, is teoranta an dul chun tosaigh a rinneadh sa treo seo, mar léirítear i ngach córas gné éigin de dhifrealú sóisialta idir scoileanna. An t-aon nós imeachta atá ann a sheachnaíonn an fhadhb sin ná leithdháileadh daltaí ar iar-bhunscoileanna ar bhonn crannchuir nó leithdháileadh ar bhonn randamach. Le gairid, fud fad na dtíortha OECD, dhírigh na díospóireachtaí níos lú ar struchtúir oideachasúla agus níos mó ar ardú caighdeán, agus tá fianaise ann gur mó an teacht le chéile idir na heiseamláirí éagsúla d'eagraíocht scoile. Tá feidearthachtaí ann go mbeidh fadhbanna roimh gach córas bunaithe ar aistriú ó scoil de chineál amháin go scoil de chineál eile. Ar a bharr sin, is gá go bhfuil próiseas ann do gach córas le daltaí a roghnú agus roinnt scoileanna ann a mbíonn níos mó daltaí ag iarraidh dul iontu ná mar atá áiteanna iontu dóibh.

31. Is tábhachtach caighdeáin arda acadúla agus spreagtar scoileanna le gnóthachtáil a gcuid daltaí a mhéadú. Do dhaltaí aonáracha is iad na cáilíochtaí a thugann an fhaill dóibh deiseanna breise oideachais a fháil agus a chuireann le hionchais fhostaíochta. Tagann réimse níos leithne thorthaí sóisialta, oideachais agus eacnamaíochta le spriocanna inmhianaithe an chórais oideachais, áfach. Chomh maith leis sin, tá sé tábhachtach na dóigheanna a bhforbraíonn agus a bhfoghlaimíonn páistí a aithint agus coinníollacha a chruthú a chothaíonn bealaí lena lánacmhainneacht a chomhlíonadh. Is féidir go gcaolófar díospóireacht ar struchtúir scoile téarmaí na díospóireachta gan chúis, agus go gcuirfear chun tosaigh an tuairim mhíchruinn gur féidir fadhbanna móra a réiteach go furasta agus mar sin go gcaillfear na cuspóirí leathana oideachais. Ba chóir go mbeadh na spriocanna sóisialta, oideachais agus eacnamaíochta a thiocfadh le daoine óga baint amach óna dtaithí oideachais ann mar phointe tosaigh don phlé. Is mar sin a thiocfadh teacht ar chinneadh ar an struchtúr oideachais a shíltear is fóirsteanaí leis na spriocanna a thabhairt i gcrích.

An Tionscadal

32. Rinneadh an tionscadal don Roinn Oideachais ag Tony Gallagher, Alan Smith agus comhghleacthaithe ó Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, Ollscoil Uladh, Choláiste Ollscoile An tSrutháin Mhilis, Choláiste Ollscoile Naomh Muire agus BDO Stoy Hayward. Costas £110,000 a bhí ar an taighde.

Tuairiscí

33. Tá méid teoranta de chóipeanna den Phríomhthuairisc ar an taighde dar tideal 'Tionchair Chóras Roghnach an Mheánoideachais i dTuaisceart Éireann' ar fáil, saor in aisce, ón Roinn Oideachais (seoladh ar an leathanach cúil). Tá an tuairisc bunaithe ar thacar de pháipéir mhiontaighde a foilsíodh i dhá imleabhar éagsúla agus atá liostáilte ar leathanach 8 ar an taobh eile. Is féidir teacht ar chóipeanna de na tuairiscí uile ar láithreán idirlín na Roinne Oideachais ag www.deni.gov.uk

PÁIPÉIR THAIGHDE

SEL1.1: Bileog threorach (T Gallagher agus A Smith)

SEL2.1: Patrúin staitisticiúla i scoileanna (T Gallagher)

SEL2.2: Scoileanna i gcóras neamh-roghnach (T Gallagher, P McKeown agus E McKeown)

SEL3.1: Patrún gnóthachtála ag GCSE (I Shuttleworth agus P Daly)

SEL3.1: I ndiaidh iar-oideachais éigeantaigh: na chéad chinn scríbe ag daltaí bhliain 12 i dTuaisceart Éireann in 1999 (P Daly agus I Shuttleworth)

SEL4.1: Dearcadh i dtaobh oideachais (T Gallagher agus E McKeown)

SEL4.2: Patrúin rannpháirtíochta i méanscoileanna agus i scoileanna gramadaí (T Gallagher, P McKeown agus E McKeown)

SEL4.3: Agallaimh le príomhoidí iar-bhunscoileanna (G Byrne)

SEL4.4: Agallaimh le baill foirne bainstíochta sinsearaí (T Gallagher)

SEL4.5: Agallaimh le Cinn Roinn na Matamaitice (E McKeown)

SEL4.6: Agallaimh le Cinn Roinn an Bhéarla sna hiar-bhunscoileanna (J Alexander)

SEL4.7: Agallaimh le Cinn Roinn na hEolaíochta (T Gallagher agus B McClune)

SEL4.8: Agallaimh le Comhordaitheoirí Riachtanais Speisialta Oideachais agus Cinn Tréadchúraim (R Kilpatrick agus F Quinn)

SEL4.9: Agallaimh le grúpaí daltaí Bhliain 8 (A Sutherland)

SEL4.10: Agallaimh le daltaí Bhliain 12 (T Gallagher)

SEL4.11: Staidéar Ceantair (P McKeown, I Shuttleworth, E McKeown, A Smith, U Birthistle agus A Montgomery)

SEL5.1: Spreagadh Daltaí agus Dearcadh-Féinmheas, Lócas Smachta, Togracht chun Foghlama agus Tionchar Roghnaithe ar Theagasc agus ar Fhoghlaim (J Johnston agus B McClune)

SEL6.1: Múinteoirí agus Roghnú i dTuaisceart Éireann (A Smith, U Birthistle, A Montgomery agus S Farrell)

SEL7.1: Tionchar Oiliúna (L Caul, G Eason agus S McWilliams)

SEL8.1: Tuairmí Poiblí ar Roghnú (J Darcy, BDO Stoy Hayward)

SEL9.1: Gnéithe comparáideacha ar chórais scoile (T Gallagher)

SEL9.2: Scoileanna cás-staidéir i dTuaisceart Éireann agus in Albain (T Gallagher agus E McKeown)

SEL9.3: Suirbhé scoileanna roghnacha i Sasana (AM Montgomery agus T Gallagher)

TAIGHDE TREORACH ROIMHE SIN

Taighde maoinithe ag ROTÉ 1993/94	RB1/1993
Taighde maoinithe ag ROTÉ 1994/95	RB1/1995
Neamhláithreachas leanúnach scoile i dTuaisceart Éireann in 1992	RB2/1995
Cur chuige difrealaithe i mbunscoileanna Oideachas agus forbairt eacnamaíochta i dTuaisceart Éireann: Fianais thurgnamhach agus peirspeictíochtaí reigiúnda	RB3/1996
Taighde maoinithe ag ROTÉ 1996/7	RB1/1997
Suirbhé a leanadh de mhúinteoirí a bhí cáilithe i 1991 agus 1992	RB2/1997
Ilghnéitheacht na chéad teanga iasachta-léirmheas ar an ábhar léitheoireachta	RB3/1997
Anailís thosaigh ar thionchar cistiú de réir foirmle agus bainistíocht áitiúil scoileanna	RB4/1997
Léirmheas ar fhianaise thaighde ar thearcghnóthachtáil fhollasach gasúr	RB5/1997
Ag fanacht in oideachas lán-aimseartha i dTuaisceart Éireann:anailís eacnamaíochta	RB6/1997
Eolaíocht in Eochairchéim 4	RB2/1998
Taighde maoinithe ag ROTÉ 1997/8	RB3/1998
Cleachtadh i scoileanna príomhshrutha do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu	RB5/1998
Luacháil ar chóras dhá shraith Craigavon	RB6/1998
Staidéar Thuaisceart Éireann ar fhionraí agus ar dhíbirt(1996/97)	RB1/1999
Ag tacú le múinteoirí nua-cháilithe in iar-bhunscoileanna	RB2/1999
Léirmheas ar ábhar léitheoireachta:oideachas imeasctha i dTuaisceart Éireann	RB3/1999
Taighde maoinithe ag ROTÉ 1998/99	RB4/1999
Mná sa mhúinteoireacht:deiseanna comhionannais	RB5/1999
Trí bliana anonn: suirbhé a leanadh do mhúinteoirí a bhí cáilithe in 1995	RB1/2000
Tumoideachas:léirmheas ar an ábhar léitheoireachta	RB2/2000
Ó réamhscoil go scoil:léirmheas ar an ábhar taighde	RB3/2000

CUSPÓIR TAIGHDE TREORACH RO

Cuireann An Roinn Oideachais (RO) luach ard ar scaipeadh forleathan torthaí taighde le cinntiú go bhfuil uastionchar ar pholasaí agus ar chleachtadh san oideachas. Tá Taighde Treorach RO deartha le cur ar fáil torthaí taighde atá tarraingteach, suimiúil, agus furasta a aimsiú do lucht déanta polasaí, thaighdeoirí, mhúinteoirí, leachtóirí, fhostóirí agus don phobal le héascaíocht a dhéanamh do phlé eolasach ar cheisteanna an oideachais. Ní féidir le taighde cinneadh a dhéanamh do lucht déanta polasaí agus do dhaoine eile a bhfuil speis acu i gcáilíocht an oideachais a fhorbairt. Ní thig leis athrú a dhéanamh ann féin. Thig leis dúshraith níos fearr a chruthú ar a ndéanfar cinnidh le heolas, agus míniú a chur ar fáil ar chleachtadh oideachais agus thig leis smaointe agus barúlacha a shoiléiriú nó chur ina gcoinne.

Is féidir teacht ar Thaighde Treorach RO ar láithreán idirlín RO-www.deni.gov.uk Is féidir Taighde Treorach a fhotachóipeáil le húsáid taobh istigh de d'institiúid féin.

Tá méid teoranta cóipeanna den Taighde Treorach seo agus is féidir an Phríomhthuairisc a fháil ó:

Brainse Rollaithe Oscailte agus Próisis Aistrithe
Seomra G13
An Roinn Oideachais
Teach Rathgael
43 Bóthar Bhaile Aodha
Beannchar
Co an Dúin
BT17 7PR

Guthán 028 9127 9497

Arna chur in eagar agus arna sholáthar ag Brainse Staitistící agus Taighde,
An Roinn Oideachais